



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

Sráidainmneacha

Tá timpeall 45,000 sráidainm i gcathracha agus i mbailte ar fud na tíre. Tá bunús Gaeilge ag formhór na sráidainmneacha sa tír seo, ach bhí tionchar ag teangacha na lonnaitheoirí éagsúla ó thréimhsí éagsúla orthu freisin. Is cineál ainmneacha ar leith iad na sráidainmneacha. Tá siad éagsúil ó na logainmneacha traidisiúnta toisc go gcumtar iad go minic chun daoine nó eachtraí a chomóradh. Ainmnítear sráideanna as daoine, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh, naoimh ina measc, an dúlra (crainn, bláthanna etc.) agus logainmneacha eile (aibhneacha san áireamh).

Tá comhaid fuaimne ag gabháil le hainmneacha phríomhshráideanna Bhaile Átha Cliath ar logainm.ie agus tá nótaí eolais faoi chuid de na sráideanna sna haistí ag na naisc seo a leanas ar logainm.ie. Is le tionscadal an Irish Historic Towns Atlas, Acadamh Ríoga na hÉireann, na haistí.

<http://www.logainm.ie/Eolas/Data/IHTA/dublin1.pdf> (féach lgh. 12-16)

<http://www.logainm.ie/Eolas/Data/IHTA/dublin2.pdf> (féach lgh. 10-37)

Tá dualgas ar na comhairlí áitiúla leagan Gaeilge a mholadh ar na sráideanna ina gceantar féin. Is féidir leo comhairle a lorg ón gCoimisiún Logainmneacha.

Seo a leanas roinnt samplaí agus roinnt míreanna coitianta a fheictear sna sráidainmneacha. Tá nótaí eolais le cuid acu. Tá fáilte romhat taighde a dhéanamh ar an gcuid eile.

Gaeilge	Béarla	Contae
Ainmneacha daoine cáiliúla a bhaineann le hÉirinn		
Bóthar Uí Chonaire	<i>O'Conaire Road</i>	Gaillimh
Bóthar Uí Raghallaigh	<i>O'Reilly Road</i>	Port Láirge
Páirc Mhic Craith	<i>McGrath Park</i>	Corcaigh
Rae Uí Chearúill	<i>Carroll's Row</i>	Tiobraid Árann
Sráid Uí Chonaill (ainmnithe as Dónall Ó Conaill)	<i>O'Connell Street</i>	i gcontaetha éagsúla
Céarnóg Wolfe Tone	<i>Wolfe Tone Square</i>	Sligeach
Plás Emmet	<i>Emmet Place</i>	Luimneach
Céide Markievicz (ainmnithe as an gCuntaois Markievicz)	<i>Markievicz Drive</i>	Luimneach
Piazza Bhreandáin Uí Bheacháin	<i>Piazza Brendan Behan</i>	Baile Átha Cliath
Droichead James Joyce	<i>James Joyce Bridge</i>	Baile Átha Cliath
Droichead Samuel Beckett	<i>Samuel Beckett Bridge</i>	Baile Átha Cliath
Ascaill Uí Choileáin	<i>Collins Avenue</i>	Baile Átha Cliath
Sráid Uí Mhealláin (ainmnithe as Micheál Ó Mealláin, ceannaire in Éirí Amach 1916)	<i>Mallin Street</i>	Loch Garman
Ascaill Uí Ghríofa	<i>Griffith Avenue</i>	Baile Átha Cliath
Bóthar an tSeoighigh (ainmnithe as scoláire Gaeilge)	<i>Joyce Road</i>	Baile Átha Cliath
Ascaill Áine Ní Dhoibhlin	<i>Anne Devlin Avenue</i>	Baile Átha Cliath
Bóthar an Phléimeannaigh	<i>Fleming Road</i>	Baile Átha Cliath
Garrán Halla an Bharúin	<i>Barons Hall Grove</i>	Baile Átha Cliath
Bóthar Uí Dhálaigh	<i>O'Daly Road</i>	Baile Átha Cliath
Bóthar Uí Neachtain (ainmnithe as Seán Ó Neachtain, scríbhneoir)	<i>O'Neachtain's Road</i>	Baile Átha Cliath



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

Ainmneacha neamh-Ghaelacha		
Ardán Churchill	<i>Churchill Terrace</i>	Baile Átha Cliath
Bóthar Petrie	<i>Petrie Road</i>	Baile Átha Cliath
Gleann Rí Liam	<i>King Williams Glen</i>	Lú
Gairdíní Wentworth	<i>Wentworth Gardens</i>	Corcaigh
Carraig Phámar	<i>Palmerstown Court</i> (ainmnithe as Ailred the Palmer, fear a chuaigh ar an gcrosáid)	Gaillimh
Baile an Chócaigh	<i>Cookstown</i>	Baile Átha Cliath
Sráid Grafton	<i>Grafton Street</i> (ainmnithe as Henry Fitzroy, Céad-Diúc Grafton a raibh tailte aige sa cheantar)	Baile Átha Cliath
Sráid Pheambróg	<i>Pembroke Street</i> (ainmnithe as an Iarla Pembroke)	Baile Átha Cliath, Corcaigh
Cúirt Fheidric	<i>Frederick Court</i>	Baile Átha Cliath
Cé Sheoirse	<i>George's Key</i> (ainmnithe as Rí Sheoirse)	Luimneach
Lána Anraí	<i>Henry Lane</i>	Cill Dara
Sráid Nassau	<i>Nassau Street</i>	Baile Átha Cliath
Faiche Bhóltain	<i>Bolton</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Cill Chainnigh
Plás Camden	<i>Camden Place</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Corcaigh
Sráid Chéipil	<i>Capel Street</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Baile Átha Cliath
Sráid Fhearchair	<i>Harcourt Street</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Baile Átha Cliath
Ascaill Sackville	<i>Sackville Avenue</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Baile Átha Cliath
Cúirt an Talbóidigh	<i>Talbot Court</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Baile Átha Troim
Sráid Westmoreland	<i>Westmoreland Street</i> (ainmnithe as ionadaí rí)	Baile Átha Cliath
Ardán Charlemont	<i>Charlemont Terrace</i>	Baile Átha Cliath
Radharc Phort an Iarla	<i>Earlsfort View</i>	Baile Átha Cliath



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

Clós Molesworth	<i>Molesworth Close</i>	Baile Átha Cliath
Plás Brunswick	<i>Brunswick Place</i>	Baile Átha Cliath
Lána Cole	<i>Cole's Lane</i>	Baile Átha Cliath
Ainmneacha naomh		
Ardán Bhríde	<i>Saint Bridget's Terrace</i>	An Mhí
Sráid Thomáis	<i>Thomas Street</i>	Baile Átha Cliath
Sráid San Proinsias	<i>Francis Street</i>	Baile Átha Cliath
Clós Phádraig	<i>Saint Patrick's Close</i>	Cill Chainnigh
Bóthar Cholm Cille	<i>Saint Colmcille's Road</i>	Corcaigh
Sráid San Iognáid	<i>Saint Ignatius Street</i>	Port Láirge
Plás San Doimnic	<i>Saint Doimnic's Place</i>	Lú
Ainmneacha aibhneacha		
Sráid na Life	Liffey Street	Baile Átha Cliath
Radharc na Tulchann	Tolka View	Baile Átha Cliath
Bóthar na Laoi	Lee Road	Corcaigh
Ardán na Sionainne	Shannon Terrace	Luimneach
Páirc na Coiribe	Corrib Park	Gaillimh
Corrán na Siúire	Suir Crescent	Cill Chainnigh
Cluain na Camlinne	Camlin Meadow	An Longfort
Ainmneacha crann		
Cúirt na Beithe	Birch Court	Port Láirge
Gleann Dara	Gleann Dara	Gaillimh
Páirc Bhaile an Doire	Ballinderry Park	Corcaigh
Garrán na bhFuinseog	Ashleigh Grove	Gaillimh
Eachlann na Giúise	Pine Mews	Port Láirge
Míreanna coitianta i sráidainmneacha		
Gaeilge	Béarla	Samplaí
ard	rise	Ard an Choic / Hill Rise (Sligeach)
arda	heights	Arda na Gréine / Sunny Heights (Luimneach)



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

ardán	terrace	Ardán Wolfe Tone / Wolfe Tone Terrace (Lú)
ascaill	avenue	Ascaill an Chuilinn / Holly Avenue (Baile Átha Cliath)
bailtíní	villas	Na Bailtíní Síorghlasa / Evergreen Villas (Corcaigh)
bruach	bank	Bruach na hAbhann / Riverbank (Sligeach)
calafort	harbour	Calafort na Canálach Móire / Grand Canal Harbour (Baile Átha Cliath)
cé	quay	Cé na gCeannaithe / Merchants Quay (Luimneach)
cearnóg	square	Cearnóg Bhanba / Banba Square (Tiobraid Árann)
céide	drive	Céide na Silíní / Cherry Drive (Corcaigh)
céimeanna	steps	Céimeanna Chainnigh / Saint Canice's Steps (Cill Chainnigh)
clós	close, yard	Clós an Leamháin / Elm Close (Ros Comáin)
corrán	crescent	Corrán an Choláiste / College Crescent (Gaillimh)
cosán	path	An Cosán Fada / Long Pavement (Luimneach)
diamant	diamond	An Diamant / The Diamond (Muineachán)
duga(i)	dock(s)	Duga Sheirse / George's Dock (Baile Átha Cliath)
eastát	estate	Eastát an tSeandroichid / Oldbridge Estate (Lú)
faiche	green	Faiche an Aonaigh / The Fairgreen (Cill Dara)
gairdíní	gardens	Gairdíní na Mainistreach / Monastery Gardens (Ciarraí)
geata	gate	Geata na gCloch / Stonegate (Port Láirge)
halla	hall	An Halla Dubh / Blackhall (Baile Átha Cliath)
íostáin	cottages	Iostáin na Laoi / Lee Cottages (Corcaigh)
lána	lane	Lána an Phúca / Pooky's Lane (Ciarraí)
lóiste	lodge	An Lóiste Thiar / Westlodge (An Iarmhí)
mainéar	manor	Mainéar na Carraige / Rock Manor (Corcaigh)
margadh	market	Margadh na Feirme / Smithfield (Baile Átha Cliath)



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

páirc	park	Páirc Abhóca / Avoca Park (Baile Átha Cliath)
plás	place	Plás an tSeiceamair / Sycamore Place (Corcaigh)
plásóg	lawn	Plásóg na Darach / Oak Lawn (An Mhí)
radharc	view	Radharc an tSléibhe / Mountain View (Luimneach)
rae	row	Rae na Life / Liffey Row (Baile Átha Cliath)
scabhat	alley	An Scabhat / The Alley (Cill Dara)
síneadh	extension	Síneadh Ascaill Uí Choileáin / Collins Avenue Extension (Baile Átha Cliath)
siúlán	walk	Siúlán an Chuilinn / Holly Walk (Port Láirge)
sráid	street	
úllord	orchard	An Seanúllord / Old Orchard (Baile Átha Cliath)

Foinse na míreanna thuas: An Coimisiún Logainmneacha. 1992. Sráidainmneacha: TreoirInte. Baile Átha Cliath: An Coimisiún Logainmneacha.



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

Gaelú sráidainmneacha

Chuir na Sasanaigh ainmneacha neamh-Ghaelacha ar shráideanna in Éirinn. Faoi thionchar an náisiúnachais sa naoú haois déag agus i dtosach an fhichíú haois d'athainmnigh na hÉireannaigh cuid de na sráideanna seo ag baint úsáide as ainmneacha a bhaineann le hÉirinn, mar shampla ainmneacha **tírghráthóirí**. Is féidir samplaí a **lorg** i ngach baile mór sa tír.

Seo a leanas roinnt samplaí eile ó Bhaile Átha Cliath:

Ainm Béarla	Gaelaithe go...
Sackville Street	O'Connell Street (ainmnithe as Dónaill Ó Conaill)
Stafford Street	Wolfe Tone Street (ainmnithe as Theobald Wolfe Tone)
Great Brunswick Street	Pearse Street (ainmnithe as Pádraig Mac Piarais)
Gloucester Street	Seán Mac Dermott Street
Findlater's Place	Cathal Brugha Street
Rutland Square	Parnell Square (ainmnithe as Charles Stewart Parnell)
Great Britain Street	Parnell Street
Findlater's Place	Cathal Brugha Street

Logainmneacha nua

Tá go leor logainmneacha nua i mbailte agus i gcathracha ar fud na tíre, mar shampla ainmneacha na n-eastát nua titíochta, bóithre nua agus sráideanna nua.

Níl na logainmneacha seo cosúil leis na logainmneacha **traidisiúnta** mar tá siad níos óige agus faraor ní bhíonn ceangal i gcónaí idir na logainmneacha **nuachumtha** agus **oidhreacht** an cheantair áitiúil. Tá dualgas ar na comhairlí áitiúla **leagan** Gaeilge a mholadh ar na sráideanna ina **gceantar féin**.

Tá comhairlí áitiúla seachas a chéile níos fearr maidir le hainmneacha áitiúla, **dúchasacha** a úsáid le haghaidh sráideanna nua. In áiteanna áirithe ligtear do thógálaithe tithe príobháideacha ainmneacha a chur ar na heastáit agus ar na sráideanna sna heastáit sin. Tá treoirlínte oifigiúla curtha ar fáil ag an rialtas chun cabhrú leis na comhairlí áitiúla logainmneacha oiriúnacha a roghnú:

Logainmneacha dúchasacha a choinneáil in ainmniú bóithre nua srl. (F. 241/3. F. 11/77), 14 Iúil, 1977

Ainmniú Sráideanna agus Bóithre, Uimhriú Tithe agus Úsáid na Gaeilge (F. 2./86), 3 Feabhra, 1986.

Tá sé **tábhachtach** go mbeadh ainmneacha nua cruinn agus de réir a chéile. Tá treoirlínte curtha ar fáil ag an gCoimisiún Logainmneacha chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus ainmneacha nua á gcumadh acu. Sráidainmneacha: Treoirlínte an t-ainm atá ar an leabhrán. Tá treoir sa leabhrán maidir leis an ngramadach agus tá liostaí Gaeilge/Béarla agus Béarla/Gaeilge ann de na **míreanna is coitianta** a bhíonn i gceist i sráidainmneacha.



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua

Ainmneacha árasán

Seo roinnt samplaí:

Gaeilge	Béarla	Contae
Árasáin Pholl an Bhalla	<i>Hole in the Wall Apartments</i>	Gaillimh
Árasáin na Lánúineacha Nua-phósta	<i>Newly Wed Flats</i>	Luimneach
Árasáin Chuan na Rós	<i>Rosehaven Apartments</i>	Baile Átha Cliath
Árasáin Mhic Léinn Shráidbhaile an Mhainéir	<i>Manor Village Student Apartments</i>	Port Láirge

Ainmneacha eastát nua tithíochta

Seo roinnt samplaí:

Gaeilge	Béarla	Contae
Eastát Choill na Giúise	<i>Pinewood Estate</i>	Baile Átha Cliath
Eastát Dunville	<i>Dunville Estate</i>	Corcaigh
Eastát an tSuitséaraigh	<i>Switsirs</i>	Cill Chainnigh
Eastát Tivoli	<i>Tivoli Estate</i>	Corcaigh
Eastát Chois Abhann	<i>Riverside Estate</i>	Gaillimh

Ainmneacha sráideanna/bóithre nua

Bíonn míreanna iasachta níos coitianta i sráidainmneacha nuachumtha ná mar atá sna logainmneacha traidisiúnta.

Seo roinnt samplaí:

Logainmneacha Fraincise:

Bellevue Avenue / **Ascaill Bellevue** (Baile Átha Cliath)

Ormeau Drive / **Céide Ormeau** (Baile Átha Cliath)

Belmont Villas / **Bailtíní Belmont** (Corcaigh)

Beaulieu Mews / **Eachlann Bhéilinn** (Lú)

Beaubec / **Béibeac Beag** (Lú). Is ainm Normannach é Beaubec, Gaelaíodh é go Béibeac Beag.

Montpelier Drive / **Céide Montpelier** (Baile Átha Cliath)

Melfont Court / **Cúirt na Mainistreach Móire** (An Mhí)

Gracedieu Villas / **Bailtíní Gracedieu** (Port Láirge)

Logainmneacha Iodáilise:

Rialto Cottages / **Iostáin Rialto** (Baile Átha Cliath)

Marino Crescent / **Corrán Marino** (Baile Átha Cliath)

Belvedere Grove / **Garrán Belvedere** (Port Láirge)

Bóthar Frascati / **Frascati Road** (Baile Átha Cliath)

Bóthar Cremona / **Cremona Road** (Baile Átha Cliath)



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua CEACHTANNA

Logainm Spáinnise:

Portobello Road / **Bóthar Portobello** (Baile Átha Cliath)

Santerem / **Santarém** (Corcaigh)

Logainmneacha Sasanacha:

Somerset Street / **Sráid Somerset** (Baile Átha Cliath)

Richmond Estate / **Eastát Richmond** (Corcaigh)

Chelsea Gardens / **Gairdíní Chelsea** (Baile Átha Cliath)



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua CEACHTANNA

Freagair na ceisteanna

1. Cá mhéad sráidainm atá ar fud na tíre?

.....

2. Cé atá freagrach as na foirmeacha Gaeilge de na sráidainmneacha?

.....

3. Cén t-ainm a bhí ar O'Connell Street sular Gaelaíodh é?

.....

4. Cén t-ainm a bhí ar Parnell Street sular Gaelaíodh é?

.....

5. Cén teanga lena mbaineann an sráidainm **Bailtíní Belmont**?

.....

6. Cén teanga lena mbaineann an sráidainm **Bóthar Portobello**?

.....

7. Cén teanga lena mbaineann an sráidainm **Corrán Marino**?

.....

Rangú sráidainmneacha de réir téamaí

Cuir na sráidainmneacha seo a leanas sna colúin chearta sa tábla thíos de réir na dtéamaí lena mbaineann siad. Tá roinnt samplaí déanta.

Bóthar na Laoi	Plás Camden	Arda Dhoire Leamhán
Sráid Thomáis	Clós Phádraig	Ascaill Uí Ghríofa
Plás Emmet	Ardán Churchill	Bóthar Cholm Cille
Corrán na Siúire	Páirc Bhaile an Doire	Céarnóg Wolfe Tone
Ascaill na Beithe	Páirc na Coiribe	Sráid Nassau

Daoine cáiliúla a bhaineann le hÉirinn	Ainmneacha neamh-Ghaelacha	Ainmneacha naomh	Ainmneacha aibhneacha	Ainmneacha crann
Sráid Uí Chonaill	Cé Sheirse	Bóthar Cholm Cille	Sráid na Life	Eachlann na Giúise



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua CEACHTANNA

Scríobh sráidainmneacha a bhfuil míreanna ar leith iontu

Tá an chéad cheann déanta. **Leid:** seo nasc chuig treoracha maidir le cuardach a dhéanamh ar shuíomh logainm.ie:

Gaeilge: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=ga>

Béarla: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=en>

Leid: Bain triail as uimhir uatha, uimhir iolra, agus tuiseal ginideach na míreanna a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Is féidir na **foirmeacha** uatha, iolra agus ginidigh a **lorg** ar www.focal.ie nó i bhfoclóir.

Tar éis duit cuardach a dhéanamh, is minic a fheicfidh tú bosca aníos faoin mbosca cuardaigh. Anseo, gheobhaidh tú liosta ainmneacha eile sa tír atá cosúil leis an **mír/ainm** a scríobh tú isteach.

Má chuireann tú an mhír **ardán** sa bhosca cuardaigh, gheobhaidh tú torthaí ach gheobhaidh tú tuilleadh torthaí má fhéachann tú sa bhosca aníos. Déan cinnte de gur 'sráid' a roghnaíonn tú ó na torthaí. Feicfidh tú cén cineál áite atá ann idir na lúbíní faoi bhun gach ainm.

ardán

»

Sráidainmneacha san áireamh

Ardán Abhainn Saileach (2)

Ardán Abhainn Saileach/
Owensilla Terrace
(sráid)
Baile Átha Cliath

Ardán Abhainn Saileach/
Owensilla Terrace
(sráid)
Baile Átha Cliath

ardán

»

Sráidainmneacha san áireamh

Ardán Abhainn Saileach (2)

Ardán Abhainn Saileach (2)

Ardán Adelaide (4)

Ardán Aikenhead (1)

Ardán Ailbhe (2)

Ardán Airde Móire (1)

Ardán Airton (1)

Ardán Albert (1)

Ardán Alexander (1)

Ardán Alexandra (4)

Ardán Allendale (1)

Ardán Alma (1)

Ardán Altamira (1)

Ardán Alton (1)

Ardán Alverno (1)

Ardán an Aicéadaigh (1)

Ardán an Arbhair (1)

Ardán an Athar Uí Dhulchaointig

Ardán an Athar Uí Fhlannagáin

Ardán an Atlantaigh (1)

Ardán an Bhaile (1)

Ardán an Bhaile Nua (2)

Ardán an Bharóidigh (1)

Ardán an Bhealaigh Bhuí (1)

Ardán an Bhóthair (1)

Ardán an Bhóthair Ghlais (1)

Ardán an Bhreatnaigh (1)

Ardán an Bhrianaigh (1)

Ardán an Bhriotaigh (1)

Ardán an Bhurgáiste (1)

Ardán an Bhurtúnaigh (1)



9. Sráidainmneacha, logainmneacha nua CEAHTANNA

1. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **ardán** mar chuid de?

Tá sé sa logainm Ardán Albert.

2. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **ascaill** mar chuid de?

.....

3. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **bailtíní** mar chuid de?

.....

4. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **céide** mar chuid de?

.....

5. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **clós** mar chuid de?

.....

6. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **corrán** mar chuid de?

.....

7. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **páirc** mar chuid de?

.....

8. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **sráid** mar chuid de?

.....

9. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **rae** mar chuid de?

.....

10. Scríobh sráidainm a bhfuil an mhír **faiche** mar chuid de?

.....